# Achoimre

# Nuáil agus Sainiúlacht

## Smaointe faoi Shraith Shóisearach nua

D'fhonn tacú le díospóireacht ar oideachas na sraithe sóisearaí agus chun athrú a thapú, bhí roinnt smaointe ag CNCM faoin gcuma a bheadh ar shraith shóisearach nua agus faoin gcaoi a bhféadfaí aistriú ón tsraith shóisearach atá ann faoi láthair chuig sraith nua.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# 1. Cad is bun leis seo?

**Seo achoimre ar na príomhphointí atá sa phléchpáipéis de chuid CNCM *Innovation and Identity: Ideas for a new Junior Cycle.* Ní sraith tograí an páipéar seo faoi shraith shóisearach nua. Is éard atá ann ná smaointe faoin gcuma a bheadh ar shraith shóisearach nua agus faoi phróiseas an athraithe sa tsraith shóisearach. Páipéar sealadach é seo; le smaointe a bhféadfá breithniú a dhéanamh orthu agus tuairimí a chur in iúl ina leith. Níl sé ina shaintreoir, ach tá súil againn go bhfuil ard-dúshlán ann agus go bhfuil sé spreagúil. Amharc air agus déan do chinneadh!**

Is éard atá i gceist le *sainiúlacht* sa teideal ná an mhian a fháil amach cad ba chóir a bheith á fhoghlaim ag daoine óga sa tsraith shóisearach. I gcás roinnt mhaith díobh, níl sa tréimhse eatramhach seo den scolaíocht ach sin— 'tréimhse eatramhach'— ag teacht ó chéim amháin agus ag triall ar chéim eile sa chóras. Is minic a shamhlaítear an tSraith Shóisearach trína gaol le céimeanna eile den oideachas. Samhlaítear í mar leanúint ón mbunoideachas nó ullmhúchán don tsraith shinsearach. Mar sin, níl a sainiúlacht féin ag an tsraith shóisearach - faigheann sí a sainiúlacht ó eispéiris a bhí ag scoláirí *roimh ré* san oideachas, nó ionchais don *chéad chéim eile*, agus ní i ndáiríre ó riachtanais na scoláirí ag an gcéim áirithe sin dá saol. Le go mbeadh brí leis na blianta a chaitheann scoláirí i mbun na sraithe sóisearaí, ní foláir don tsraith a bheidh fiúntach inti féin; le sainiúlacht ar leith.

Luaitear *nuáil* sa teideal ar chúpla cúis. Tugtar le fios sa pháipéar seo gur chóir go mbeadh an tsraith shóisearach ina treoir do dhaoine óga a bhfuil claonadh agus cumas iontu a bheith nuálach; atá in iúl ar na dúshláin a gcaithfidh siad aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal pearsanta, áitiúil agus domhanda; atá in iúl ar na bagairtí do thodhchaí an phláinéid, ar shlándáil bia agus uisce; agus ar ghluaiseacht daoine toisc tubaistí aeráide ach ar daoine óga iad ar féidir leo bheith ina gcuid de ghlúin chruthaitheach d'fhabhréiteoirí a bheidh in ann 'an domhan a shábháil'.

Le go mbeadh duine nuálach ní foláir don duine eiseamláirí nuálacha a fheiceáil; más mian linn go mbeadh daoine óga nuálach caithfimid a n-eispéiris foghlama agus scoile a athrú. Agus má theastaíonn uainn eispéiris scoile a athrú is iad na scoileanna, a múinteoirí agus a scoláirí féin is fearr a chur ag smaoineamh air sin. Is gá don rannpháirtíocht seo bheith níos leithne ná an comhairliúchán agus an plé ionas go gcuimseofaí forbairt leanúnach. Táimid den tuairim, ón tús, go gcaithfidh na scoileanna ról lárnach a bheith acu i múnlú na sraithe sóisearaí nua.

Seo an chúis ar leagamar amach an pléphpáipéar, *Nuáil agus Sainiúlacht*, ar an mbealach seo – ionas go gcuirfeadh sé smaointe i láthair faoi conas a d'fhéadfaí an tsraith shóisearach a athrú, agus moltar ann roinnt CONAIRÍ i dtreo an athraithe, gach ceann ag ardú ceisteanna le plé agus le díospóireacht.  De réir mar a léann tú tríd an achoimre seo tabharfaidh tú faoi deara go samhlaítear i ngach conair scoil

- ag déanamh athrú beag amháin
- ag athrú tuilleadh
- ag athrú tuilleadh agus tuilleadh.

Cuimhnigh, is éard is cuspóir do *Nuáil agus Sainiúlacht* agus don suíomh gréasáin comhairliúcháin www.ncca.ie/forbairtiss ná an deis a thabhairt duitse do thuairimí a chur in iúl faoi cheisteanna a thiocfaidh chun cinn faoi gach ceann de na conairí sin.

# 2. Cén fáth an t-athrú?

## Ach níl géarchéim ann sa tsraith shóisearach– nó an bhfuil?

Bhuel, ar leibhéal amháin, tá an chuma air go bhfuil struchtúr eagraíochtúil na sraithe sóisearaí ina struchtúr daingean, slán agus 'fónta'. Tugann fianaise ó roinnt staidéar le tuiscint go bhfuil formhór na ndaoine óga sa tsraith shóisearach sásta go leor lena scolaíocht ar an leibhéal seo. Tugann an páipéar seo dúshlán do thuairimí bogásacha, ámh, i leith na sraithe sóisearaí; an dearcadh nach bhfuil aon rud 'briste' agus nach bhfuil gá, mar sin, é a 'chur ina cheart'.

I dtaighde a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) do CNCM le blianta beaga anuas tugadh chun solais roinnt léargas nua ar eispéireas na sraithe sóisearaí agus an tionchar ag an eispéireas sin ar rannpháirtíocht agus ar an ngnóthachtáil – lena n-áirítear an ghnóthachtáil ina dhiaidh sin sa tsraith shinsearach agus san Ardteistiméireacht.  Sainaithníodh sa taighde seo roinnt cúiseanna imní sa tsraith shóisearach agus moltar go bhféadfaí feabhas a chur ar eispéireas an scoláire ach dul i ngleic leis na nithe seo a leanas

- éifeacht cheannasach scrúdú an Teastais Shóisearaigh ar chleachtas teagaisc agus foghlama agus ar eagrú agus struchtúir scoile
- gan aon solúbthacht shuntasach a bheith ann sa churaclam a cheadódh rannpháirt le réimsí eile spéise do mhúinteoirí agus do scoláirí agus réimsí spéise áitiúla nó riachtanais áitiúla
- curaclam a shamhlaítear a bheith dolúbtha, plódaithe
- scor den rannpháirtíocht, i gcás roinnt mhaith de na scoláirí, ag céim luath den tsraith
- gan dóthain ama a bheith ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun dul i mbun na foghlama níos doimhne
- raon cúng de ghníomhaíocht mheasúnachta, ó thaobh na scrúduithe agus an teagaisc agus na foghlama ginearálta de araon
- rochtain theoranta ar cháilíocht aonair amháin.

Bhí na cúiseanna imní seo go léir ann le tamall anuas ach tá siad fós ina ndúshláin ar leibhéal an chórais, in Éirinn agus san oideachas íochtarach dara leibhéal ar bhonn idirnáisiúnta. Leis an Teastas Sóisearach anois ina 21ú bliain, tá sé thar am breathnú níos grinne ar an eispéireas foghlama atá á thairiscint againn do dhaoine óga ag an gcéim seo den oideachas.

# 3. Cén t-athrú is cóir a dhéanamh ar an tsraith shóisearach?

Más gá rudaí áirithe a athrú in oideachas na sraithe sóisearaí, conas is cóir dúinn dul i mbun an athraithe sin? Sular féidir linn tús a chur leis an athrú is gá dúinn aird ar leith a thabhairt ar céard a tharlaíonn faoi láthair i scoileanna agus i seomraí ranga. Is é sin, ba chóir go mbeadh ár gcur chuige i leith an athraithe ag leibhéal na sraithe sóisearaí bunaithe ar an gcaoi a dtarlaíonn an t-athrú i ndáiríre!

Le blianta beaga anuas, d'fhorbair CNCM a smaointeoireacht faoin athrú oideachais agus is féidir tuilleadh a léamh faoinár ndearcadh sa phlépháipéar, *Ag treorú agus ag tacú le hathruithe sna scoileanna*, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CNCM (www.ncca.ie). Tá an páipéar sin bunaithe ar ár n-eispéireas i leith an athraithe i gcaitheamh na mblianta, go háirithe le blianta beaga anuas mar a rabhamar ag obair go díreach le scoileanna. Tá sé ina bhonn ag an bplé faoi athrú an churaclaim i CNCM agus ag ár n-obair leanúnach le scoileanna i réimsí cosúil le *Tionscadal Mata agus Príomhscileanna*. Baineann *Nuáil agus Sainiúlacht* fóir as smaointe atá ar fáil in *Ag treorú agus ag tacú le hathruithe sna scoileanna* chun nithe áirithe a mholadh a shaineodh an t-athrú sa tsraith shóisearach.

Agus an tsraith shóisearach á forbairt againn ba mhaith linn iarracht a dhéanamh forbairt ó bhun aníos agus ó bharr anuas a nascadh ar bhealaí thar a bheith éifeachtach! Ní foláir do ghnéithe ó bharr anuas den tsraith shóisearach tacaíocht pholaitiúil a chur san áireamh, ag leagan amach creat beartais soiléir a n-oibreoimid uile laistigh de agus maoiniú a ghiniúint ionas go mbeidh dóthain acmhainní ann don fhorbairt. É sin ráite, ámh, ba chóir gur ó bhun aníos a bheadh príomhthreo an athraithe. Caithfidh sé, thar aon ní eile, a bheadh dírithe ar phríomhghníomhaithe an athraithe agus na gníomhaithe sin—**scoileanna, múinteoirí agus scoláirí** - a chur san áireamh. Léiríonn an díriú seo ar fhorbairt na sraithe sóisearaí plé tosaigh i measc na bpáirtithe oideachais mar a raibh a spéis léirithe sa *chaoi* a *bhféadfadh* forbairt tarlú, eadhon *cad iad* na forbairtí *a tharlódh.*

## Cén t-athrú atá i gceist againn, mar sin?

Cén *cineál* athraithe atá i gceist? Bhuel, leagtar amach sa pháipéar roinnt de shaintréithe fhorbairt na sraithe sóisearaí. Moltar na nithe seo a leanas ann:


- ní foláir forbairtí a thógáil ar na nithe a oibríonn go maith cheana féin, ach fós féin, dóthain spáis a chruthú do smaointe nua agus do roinnt cur chuige agus cleachtas nuálach a thiocfaidh chun cinn i scoileanna
- ba chóir go mbeadh dóthain acmhainní ag scoileanna ionas gur féidir leo athrú ón taobh istigh, ach beidh gá acu freisin le cúnamh agus tacaíocht sheachtrach chuige sin
- spreagfaidh na cineálacha forbairtí roinnt *difríochtaí* i measc agus idir na scoileanna. Beidh roinnt scoileanna den tuairim gur chóir céimeanna beaga incriminteacha a thógáil agus i gcás scoileanna eile beidh an gá agus an mhian i leith an athraithe níos mó. Ba chóir go dtabharfadh próiseas an athraithe an deis do scoileanna forbairt ag ráta réasúnta agus ina rogha treo!

## Ach an mbeidh an deis ag scoileanna aon chineál sraithe sóisearaí a chruthú!

Ní bheifear in ann difríochtaí idir scoileanna a sheachaint mar thoradh ar an gcur chuige atá beartaithe sa pháipéar seo. D'fhonn páirc imeartha atá réasúnta cothrom a chinntiú, ámh, a chuideoidh le scoileanna agus scoláirí fónamh a bhaint as a n-eispéireas sa tsraith shóisearach, déanfaidh scoileanna pleanáil dá sraith shóisearach i gcomhthéacs **Creata don tSraith Shóisearach.** Mar chuid de phróiseas an athraithe beidh scoileanna, múinteoirí agus, na daoine is tábhachtaí ar fad, na scoláirí, páirteach i nginiúint, in athbhreithniú agus i bhfeabhsú an chreata seo. Cuirfear tús leis an obair d'fhonn an creat seo a fhorbairt i dtreo dheireadh 2010. Beidh an creat seo ina threoir do scoileanna sa phleanáil curaclaim acu agus ráthóidh sé go ndéanfar **eispéiris áirithe foghlama a sholáthar agus go gcomhlíonfaidh gach scoil na riachtanais.** I bhFíor1 moltar roinnt gnéithe d'oideachas na sraithe sóisearaí ar féidir iad a bhreithniú sa *Chreat don tSraith Shóisearach.*

Níl sé i gceist leis an gcreat tosú as an nua i leith gach gné d'oideachas na sraithe sóisearaí; aithneofar ann go dtarlaíonn gach athrú réadúil ach comhshnaidhmeadh a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas againn agus na nithe a oibríonn go maith cheana féin le smaointe nua. Mar sin, tarlóidh roinnt gnéithe de phróiseas an athraithe ar bhonn céimneach incriminteach agus tógfaidh siad ar fhorbairtí atá ar bun cheana féin agus ar eispéiris a gnóthaíodh cheana féin sa tsraith shóisearach. Ach soláthróidh an creat freisin d'fhorbairt mhór i ngach treo a bheidh ar bun i scoileanna.

**Fíor.1. Gnéithe d'oideachas na sraithe sóisearaí a bhreithneofar sa chreat**




D'fhéadfadh an creat ráitis faoi thorthaí foghlama a áireamh a bheadh ina dtreoir don churaclam agus d'eispéiris foghlama gach scoláire na sraithe sóisearaí. Cé go ndéanfaí na ráitis seo a shainiú go lárnach, ámh, seans go ndéanfaí iad a léirmhíniú agus go rachfaí i ngleic leo ar bhealaí éagsúla ar an leibhéal áitiúil. Beidh a bhfuil le rá sa chreat ina chinntitheach mór ó thaobh na solúbthachta a bheidh ar fáil do scoileanna agus a sraith shóisearach féin á forbairt acu. Féachfaidh sé le roinnt comóntachta a bhaint amach ach fós féin spreagfar an ilchineálacht.

Rachaidh an creat i ngleic leis na buncheisteanna a bheadh ag aon scoil agus iad ag pleanáil don tsraith shóisearach, ag cuidiú le scoileanna soiléiriú a dhéanamh ar a bhfuil siad ag iarraidh a bhaint amach sa tsraith shóisearach, conas is dócha a eagródh an scoil foghlaim na scoláirí, agus torthaí a bhunú don tsraith shóisearach a bhféadfaí measúnú a dhéanamh orthu.

# 4. Cad is cóir a athrú?

## Na conairí i dtreo athrú na sraithe sóisearaí

Déanann an páipéar seo iniúchadh sonrach ar na treonna nó na conairí ar a mbeadh an t-athrú bunaithe agus déanann iniúchadh ar cé chomh fada is a d'fhéadfadh agus is cóir do na scoileanna agus an córas oideachais taisteal sna treonna sin. Tá méid an athraithe bheartaithe ina phríomhcheist maidir leis seo. Cá mhéad athraithe atá i gceist againn? An traidisiún anseo in Éirinn ná athrú mall réidh incriminteach atá cosúil leis seo, ach an bhfuil rud éigin éagsúil de dhíth don tsraith shóisearach ag an bpointe seo?

Cuireann sraith shóisearach nua deiseanna ar fáil don smaointeoireacht nua a sháródh an leasú simplí, nó an feabhsúchán simplí, chun rud éagsúil ar fad a sholáthar. Braitheann a mhéid a thaistealóimid ar a mhéid *is mian* linn dul, ar a mhéid a bhreithnímid *is cóir* dúinn dul, agus ar a mhéid a bhfuilimid den tuairim ar féidir linn dul. Le haghaidh na scoileanna seans go mbeidh gá céim bheag a thógáil, i gcásanna eile gluaiseacht bhreise a dhéanamh agus i gcásanna eile fós beidh céim mhór i gceist – ar chúig cinn de chonairí arna leagan amach ar na leathaigh seo a leanas. Is uirlisí smaointeoireachta na conairí seo chun machnamh ar na smaointe móra sa tsraith shóisearach, a mbeidh scoileanna ábalta úsáid a bhaint astu sa phlé agus sa phleanáil. Ach is ábhar díospóireachta a mhéid a thaistealóimid feadh gach conaire, agus go deimhin féin, cibé acu an bhfuil conairí eile ann freisin nó nach bhfuil!

## CONAIR 1

| Ó chomhréireacht churaclaim go saoirse ag scoileanna a bheith éagsúil | Le plé faoin gconair seo |
|---|---|
| Is é an curaclam an phríomhghné i bhforbairt na sraithe sóisearaí. Mar sin, sa chéad chonair tá breac-chuntas ar an gcaoi a mbeidh saoirse ag scoileanna a bheith éagsúil agus imeacht ón gcomhréireacht a bhainfeadh le curaclam arna chinneadh go lárnach, mar a mbeadh deis níos fearr ag scoileanna an curaclam a chur in oiriúint dá riachtanais áitiúla féin.<br><br>■ I gcás go dtugtar níos mó saoirse do scoileanna a gcuraclam féin a dhearadh, le hathrú beag, d'fhéadfaí níos lú ábhar a bheith ann, nó níos lú béime orthu, le roinnt príomhscileanna á leabú cosúil le hobair i gcomhar agus smaointeoireacht chriticiúil chruthaitheach<br><br>■ Le hathrú tuilleadh, d'fhéadfaí príomhscileanna a leabú i *ngach* cuid den fhoghlaim agus d'áireofaí béim ar fhoghlaim théamach agus iniúchadh ar fud na n-ábhar. D'fhéadfadh scoileanna sciar maith ama den churaclam a chaitheamh le cúrsaí arna ndearadh go háitiúil.<br><br>■ Le hathrú sa bhreis air sin arís d'fhéadfadh scoileanna a bheith saor curaclam a bheith acu atá éagsúil ar fad leis an struchtúr ábhar atá in úsáid sa lá atá inniu ann. Bheadh saoirse ag scoileanna a gcuraclam iomlán a fhorbairt laistigh den *Chreat don tSraith Shóisearach*, agus gan ach an-bheagán den tsaintreoir láraithe a bheith ann. | Ar chóir do gach scoil an curaclam sraithe sóisearaí céanna a sholáthar, a bheag nó a mhór?<br><br>Nó ar chóir níos mó saoirse a bheith ag gach scoil, ag obair laistigh de chreat curaclaim comhchoiteann, gnéithe den churaclam a áireamh agus a úsáid ar bhealaí éagsúla agus i dteaglamaí éagsúla?<br><br>Ar chóir do scoileanna cúrsaí a áireamh ina gcuraclam ar cúrsaí iad a dhear an scoil féin?<br><br>Ar chóir do scoláirí níos lú ábhar a dhéanamh?<br><br>Ar chóir do scoláirí croí-ábhair shainiúla a dhéanamh? Más ea, cad iad na croí-ábhair sin?<br><br>Ar chóir tús áite a thabhairt do litearthacht agus uimhearthacht sa tsraith shóisearach? |

# CONAIR 2

| Ón Teastas Sóisearach go cáilíochtaí deartha do chách | Le plé faoin gconair seo |
|---|---|
| Ní féidir bheith ag trácht ar an gcuraclam gan cáilíochtaí a bhreithniú agus féachann an chonair seo le himeacht ón gcáilíocht atá ann faoi láthair, an Teastas Sóisearach nach bhfuil bunaithe ach ar fheidhmíocht i scrúdú, agus gluaiseacht i dtreo cáilíocht nó cáilíochtaí a fhorbairt atá bunaithe ar fhoinsí iomadúla foghlama. Ar cheann de phríomhcheisteanna maidir le forbairt na sraithe sóisearaí tá conas cáilíochtaí a dhearadh atá in oiriúint do riachtanais GACH scoláire.<br><br>■ Le hathrú beag i réimse na gcáilíochtaí d'fhéadfaí rud éigin cosúil leis an Teastas Sóisearach a choinneáil ach le roinnt forbairtí a fhreastalódh ar raon níos leithne foghlama ag teacht b'fhéidir le Leibhéal 3 den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí (www.nfq.ie)<br><br>■ Le hathrú tuilleadh ar an gconair seo, d'fhéadfaí cáilíocht athdheartha na sraithe sóisearaí a chruthú (nó breis is cáilíocht amháin) a áireodh roinnt gnéithe sainscoile.<br><br>■ Le hathrú sa bhreis air sin arís bheadh níos mó solúbthachta ag scoileanna an cháilíocht nua sraithe sóisearaí a nascadh le rochtain oscailte d'fhoghlaimeoirí ar cháilíochtaí seachtracha ní hé amháin ag leibhéal 3 den CNC ach ar leibhéil chóngaracha 2 agus 4 freisin. | Ar chóir go leanfaí ag tairiscint an Teastais Shóisearaigh amháin mar cháilíocht na sraithe sóisearaí?<br><br>An bhfuil gá le cáilíocht a áiríonn níos mó ná torthaí scrúdaithe?<br><br>An bhfuil gá le breis is cáilíocht amháin ag an tsraith shóisearach chun freastal ar gach scoláire?<br><br>An bhfuil gá leis an dara cáilíocht do scoláirí nach féidir leo caighdeán an Teastais Shóisearaigh a shroicheadh?<br><br>Ar chóir go mbeadh gach cáilíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil do scoileanna le tairiscint dá bhfoghlaimeoirí? |

# CONAIR 3

| Ó thrí bliana sa tsraith shóisearach go trí bliana *na sraithe sóisearaí* | Le plé faoin gconair seo |
|---|---|
| Breathnaíonn an tríú conair ar cibé acu an bhféadfaí an tsraith shóisearach a eagrú nó a struchtúrú ar bhealach éagsúil ionas go mbeadh an t-aistriú ón mbunscoil níos réidhe, comhleanúnaí agus chun éascú a dhéanamh ar an ngluaiseacht i dtreo na sraithe sinsearaí nó nach bhféadfaí. Ar chóir dúinn leanúint, mar shampla, ag samhlú na sraithe sóisearaí le clár trí bliana nó an bhfuil roghanna agus forbairtí eile ann dúinn?<br><br>- Le hathrú beag ar an gconair seo d'fhéadfaí níos mó eolais a aistriú idir scoileanna a sheolann scoláirí agus scoileanna a ghlacann scoláirí, úsáid níos fearr a bhaint as nasc-shocruithe agus as creataí atá bunaithe ar an gcuraclam, agus tuiscint fhoriomlán níos fearr a fháil ar an aistriú a gcaithfidh scoláirí aghaidh a thabhairt air.<br>- Le hathrú tuilleadh d'fhéadfadh scoláirí blaiseadh a fháil ar ábhair ar feadh tréimhse ar leith agus ansin roghnú ó raon ábhar don chuid eile den tréimhse sa tsraith shóisearach.<br>- Le hathrú de bhreis air sin arís d'fhéadfadh scoileanna díriú ar an tsraith shóisearach le naisc phleanáilte chuimsitheacha le curaclam rang a sé agus/nó na chéad bhliana den tsraith shinsearach; go praiticiúil sraith ceithre bliana a thabharfaidh scoláirí chuig deireadh a gcuid scolaíochta éigeantaí. | An gcuirfí feabhas ar an tsraith trí bliana le naisc níos láidre idir na blianta deiridh den bhunscoil agus le tuilleadh solúbthachta sa tsraith shóisearach?<br><br>Seans go gcuideodh cur chuige 1+2 (aistriú bliana ón mbunscoil agus ansin dhá bhliain den tsraith shóisearach) leis na scoláirí an t-aistriú a dhéanamh ón mbunscoil ach fós féin an deis a thabhairt dóibh dul i mbun na foghlama suntasaí nua?<br><br>Seans go mbeadh an cur chuige 2+1 (curaclam leathan dhá bhliain don tsraith shóisearach agus ansin bliain ag ullmhú do cháilíocht na sraithe sóisearaí agus roghanna a dhéanamh don tsraith shinsearach) ar an rogha is fearr chun scoláirí a threorú chuig pointe ag a bhféadfaidís gluaiseacht ar bhealach níos éifeachtaí isteach sa tsraith shinsearach?<br><br>An gcuirfeadh samhail cúig bliana (bliain deiridh na bunscoile agus an ceathrú bliain san iar-bhunscolaíocht) rogha radacach ar fáil a dhéanfadh fíordhifríocht d'fhoghlaim na scoláirí? |

# CONAIR 4

| I dtreo athnuachan a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc | Le plé faoin gconair seo |
|---|---|
| Braitheann gach uile rud ar fhoghlaim agus ar theagasc a tharlaíonn sa seomra ranga agus breathnaítear sa chonair seo ar athnuachan a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc. Sainaithnítear sa pháipéar seo an gá atá ann gaol na scoláirí lena gcuid foghlama a dhaingniú, ag cinntiú go bhfuil an fhoghlaim sin idir ábhartha agus dúshlánach dóibh.<br><br>■ Le hathrú beag sa treo seo d'fhéadfadh scoileanna díriú ar phríomhscileanna a fhorbairt, le béim níos mó ar an machnamh a dhéanann na scoláirí ar a gcuid oibre agus ar an dul chun cinn, agus úsáid níos fearr a bhaint as foghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí.<br><br>■ Le hathrú tuilleadh d'fhéadfadh scoileanna tathant ar scoláirí foghlaim óna chéile agus iad féin a mheas fad is a leagtar béim ar obair thionscadail agus ar chomharfhoghlaim.<br><br>■ Le hathrú de bhreis air sin arís d'fhéadfadh scoileanna pobail foghlama a chruthú mar a mbeadh foghlaim na scoláirí níos féinstiúrtha, agus mar a n-áireodh na múinteoirí na scoláirí ina gcinntí faoin bhfoghlaim agus teagasc, agus d'fhéidir, fiú, roinnt ionchuir a fháil uathu faoi na nithe ba mhaith leo a fhoghlaim. | Conas is féidir deiseanna a sholáthar do mhúinteoirí plé agus machnamh a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim lena gcomhghleacaithe sa scoil agus lasmuigh den scoil?<br><br>Cad iad na coinníollacha is gá don phiarfhoghlaim, don fhéinmheasúnú agus don fhoghlaim fhéinstiúrtha ionas go mbeadh rath ar scoláire sa tsraith shóisearach?<br><br>Ar fud an domhain, cuireann a lán daoine chun cinn an coincheap gur chóir go mbeadh an scoláire níos rannpháirtí san fhoghlaim (mar shampla, níos mó deiseanna a bheith acu machnamh ar a gcuid foghlama agus sin a phlé leo agus fiú ionchur a bheith acu sa phleanáil curaclaim agus sa mheasúnacht i scoileanna). An treocht í seo ar chóir dúinn í a leanúint in Éirinn? |

# CONAIR 5


| Ó ghrád scrúdaithe a ghiniúint go fianaise foghlama a ghiniúint | Le plé faoin gconair seo |
|---|---|
| Déanann conair 5 iniúchadh ar ról na scrúduithe mar is eol dúinn é agus cibé acu an féidir fianaise foghlama a ghiniúint nó nach féidir ar bhealaí éifeachtacha cuspóireacha eile. I gcás sraith shóisearach a éascaíonn níos mó roghanna do scoileanna sa bhealach a smaoiníonn agus a bpleanálann siad don fhoghlaim beidh gá roinnt roghanna a áireamh maidir leis an gcaoi ar féidir leo fianaise a ghiniúint agus a úsáid faoin bhfoghlaim sin.<br><br>■ Le hathrú beag sa treo seo d'fhéadfaí úsáid a bhaint as foinsí iolracha fianaise foghlama, agus leagfadh scoileanna níos lú béime ar scrúduithe lárnacha<br><br>■ D'fhéadfaí athrú breise a dhéanamh agus na scoláirí a bheith rannpháirteach san idirphlé maidir lena dtaifead gnóthachtála? D'fhéadfaí cothromaíocht a bhaint amach in úsáid an taifid seo le húsáid tástálacha suimitheacha a d'fhéadfaí a fhorbairt go háitiúil agus go lárnach.<br><br>■ Le hathrú de bhreis air sin arís d'fhéadfaí úsáid a bhaint as foinsí éagsúla cosúil le ráiteas gnóthachtála nó punann a thiomsú, a bheadh nasctha le cáilíocht? | An íoslaghdófaí a ndóthain na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le scrúdú an Teastais Shóisearaigh, i gcás go mbeadh líon níos lú d'ábhair faoi scrúdú gach bliain?<br><br>An mbeadh teaglaim de scrúduithe náisiúnta agus scrúduithe arna riar go háitiúil ar an rogha is fearr ar an gcóras atá ann faoi láthair?<br><br>An mbeadh torthaí scrúdaithe agus punann bunaithe ar fhianaise foghlama ar an mbonn is fearr do cháilíocht nua na sraithe sóisearaí? |

# 5. Próiseas an athraithe

## Cá bhfuil ár dtriall anois?

Is é is dóichí ná go mbeidh ar a laghad ceithre chéim i bpróiseas athraithe na sraithe sóisearaí. Cé go bhfuil siad á gcur i láthair go seicheamhach, ní foláir amharc ar gach céim mar chéim fhorásach. Is éard atá i gceist leis seo ná, ag teacht leis an mbéim sa phróiseas seo ar chumarsáid, ar chomhairliúchán agus ar fhorbairt, gur dócha go mbeadh forluí ann idir na céimeanna agus go n-athróidh smaointe a ghinfear ag céim amháin den phróiseas ábhar nó seicheamh a tharlóidh ag céim eile.

D'fhonn athrú éifeachtach a bhaint amháin is gá próiseas forásach arna stiúradh ag na scoileanna féin. Sa pháipéar faoin tsraith shóisearach, tá an coincheap go bhfuil na scoileanna féin ina n-ionaid nuála agus athraithe thar a bheith follasach sa phróiseas ceithre chéim a leagtar amach ann, a chuireann forbairt na scoileanna ag a chroílár!




Glactar sa pháipéar seo le hamscála nach bhfuil sainithe, a aithníonn éiginnteacht an tsaoil faoi láthair ach ceadaíonn an tsamhail athraithe ag gach céim go mbeadh fíor-rannpháirtíocht ann leis na smaointe a chuireann an páipéar seo chun cinn agus ceadaíonn freisin giniúint smaointe nua.

Cuireadh **CÉIM 1** i gcrích nuair a ceapadh an páipéar smaointe.

**CÉIM 2** - is éard atá i gceist leis seo ná an díospóireacht faoi oideachas na sraithe sóisearaí leis na páirtithe oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne a fhairsingiú agus a dhoimhniú. Bhí agus beidh seo ag titim amach le linn 2010 agus mar thátal air ceapfar dréacht-**Chreat don tSraith Shóisearach**. Sa chéim seo seoladh agus forbraíodh ár suíomh gréasáin (www.ncca.ie/forbairtiss) chun tacú leis an bplé faoi oideachas na sraithe sóisearaí.

Ag **CÉIM 3**, le diantacaíocht sheachtrach, déanfaidh roinnt scoileanna sraith shóisearach a phleanáil ina scoil féin, ag smaoineamh ar an gcaoi ar féidir leo a sraith shóisearach a fhorbairt agus, le linn an phróisis, tosú á hathrú. An toradh is dócha a bheidh air seo ná raon samhlacha de chláir oideachais na sraithe sóisearaí a bheith curtha in oiriúint do scoileanna ar mhéideanna agus de chineálacha éagsúla, ach a bheidh ag teacht leis an gCreat. Sa mhéid go léireoidh na samhlacha dearcthaí, suíomh agus comhthéacs na scoileanna i gceist, is dócha go mbeidh siad ar leanúntas foráis – idir *chúramach*, is *thurgnamhach* is *eachtrúil*. Cuirfidh siad síos ar chineál na foghlama, an churaclaim, na measúnachta, na gcáilíochtaí agus na timpeallachta foghlama a bheidh i gceist sa chlár.

**CÉIM 4** - sa chéim seo bainfidh gach scoil eile úsáid as na samhlacha seo agus iad ag pleanáil a gclár sraithe sóisearaí féin.

# 6. Mar thús

Is léir go bhfuil an fhéidearthacht ann sa tsraith shóisearach céannacht láidir a chruthú le tógáil ar na nithe a oibríonn go maith cheana féin, ach úsáid a bhaint as an iliomad smaointe nuálacha, dúshlánacha agus oideachais atá ann cheana féin agus a thiocfaidh chun cinn, agus trí amharc go dearfach ar na deiseanna atá á dtairiscint ag timpeallacht atá ag athrú go gasta. Ní féidir a bhfuilimid ag iarraidh a bhaint amach i scoileanna ach trí mheán na rannpháirtíochta leis na páirtithe oideachais.

Ba mhór againn do thuairimí agus do dhearcthaí i leith na sraithe sóisearaí, mar atá curtha i láthair in *Innovation and Identity: Ideas for a new Junior Cycle* a fháil. Chun tacú leis an gcomhairliúchán tá raon ábhar ar fáil ar an leathanach baile don chomhairliúchán (www.ncca.ie/forbairtiss)

- físeáin vox pop mar a gcuireann roinnt scoileanna a dtuairimí in iúl
- cur i láthair ilmheáin le roinnt príomhsmaointe
- an páipéar maille le hábhar léitheoireachta ábhartha eile atá ar fáil le híoslódáil
- eolas rialta chun dáta faoina bhfuil ag tarlú i leith fhorbairtí na sraithe sóisearaí.

Mar sin, bí páirteach linn sa chomhairliúchán! Tabhair cuairt ar www.ncca.ie/forbairtiss agus roinn do thuairimí linn sa cheistneoir gearr nó roinn linn do smaointe ar an mblag.